**Leasú 69**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rún**
**Mír 21**

| *Tairiscint i gcomhair rún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***21. á mheabhrú go ndearna an Chúirt Bhreithiúnais, sa rialú uaithi an 19 Samhain 2019[56], agus í ag freagairt ar iarraidh ar réamhrialú ón gCúirt Uachtarach (Seomra Dhlí an tSaothair agus an Árachais Shóisialta, 'an Seomra Saothair' feasta) maidir leis an Seomra Araíonachta, rialú go bhfuil sé de dhualgas ar chúirteanna náisiúnta neamhaird a thabhairt ar fhorálacha den dlí náisiúnta a fhorchoimeádann dlínse chun cás a éisteacht sa chás ina bhféadfar dlí an Aontais a chur i bhfeidhm ar chomhlacht nach gcomhlíonann riachtanais an neamhspleáchais agus na neamhchlaontachta;*** | ***scriosta*** |
| ***[56] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Samhain 2019. A.K. agus Eile v Sąd Najwyższy, C-585/18, C-624/18 agus C-625/18, ECLI:EU:C:2019:982.*** | |

Or. en

**Leasú 70**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rún**
**Mír 22**

| *Tairiscint i gcomhair rún* | *Leasú* |
|---|---|
| 22. ***ag tabhairt dá haire, gur chinn an Chúirt Uachtarach (Seomra an tSaothair) ina dhiaidh sin sa bhreithiúnas uaithi an 5 Nollaig 2019 nach gcomhlíonann an Seomra Araíonachta ceanglais binse neamhspleách agus neamhchlaonta de réir bhrí dhlí na Polainne agus an Aontais, agus gur ghlac an Chúirt Uachtarach (an Seomra Sibhialta, Coiriúil agus Saothair) rún an 23 Eanáir 2020 ag athdhearbhú nach cúirt é an Seomra Araíonachta mar gheall ar a easpa neamhspleáchais agus, dá bhrí sin, nach féidir a mheas gurb ionann a bhreithiúnais agus breithiúnais a thugann cúirt arna ceapadh go hiomchuí; ag tabhairt dá haire agus é ina cúis mhór imní di gur dhearbhaigh údaráis na Polainne nach bhfuil aon tábhacht dhlíthiúil ag na cinntí sin a mhéid a bhaineann le feidhmiú leanúnach an tSeomra Araíonachta agus Chomhairle Náisiúnta nua na mBreithiúna, agus gur dhearbhaigh an Binse Bunreachtúil go raibh an rún ón gCúirt Uachtarach míbhunreachtúil an 20 Aibreán 2020, rud a chruthaigh dúbailteacht bhreithiúnach chontúirteach sa Pholainn atá ina sárú oscailte ar thosaíocht dhlí an Aontais agus go háirithe Airteagal 19(1) CAE faoi mar atá léirmhínithe ag an gCúirt Bhreithiúnais, sa chaoi ina gcuireann sé*** | 22. ***á thabhairt dá haire gur soiléiríodh le breithiúnas an Bhinse Bhunreachtúil an chonspóid maidir le Dlísheomra Araíonachta*** na Cúirte Uachtaraí ***agus gur seachnaíodh an chontúirt a bhaineann le déachas breithiúnach sa Pholainn;*** |

***cosc ar éifeachtacht agus cur i bhfeidhm rialú na Cúirte Breithiúnais an 19 Samhain 2019 ag cúirteanna na Polainne;***

---

[57] Breithiúnas ón gCúirt Uachtarach an 5 Nollaig 2019, III PO 7/19.

[58] Rún ó Sheomraí Comhpháirteacha Sibhialta, Coiriúla agus Saothair na Cúirte Uachtaraí an 23 Eanáir 2020, BSA I-4110-1/2020.

[59] Breithiúnas ón mBinse Bunreachtúil an 20 Aibreán 2020, U 2/20.

[60] Coimisiún na Veinéise agus DGI Chomhairle na hEorpa, Tuairim Chomhpháirteach Phráinneach an 16 Eanáir 2020, mír 38.

[61] Coimisiún na Veinéise agus DGI Chomhairle na hEorpa, Tuairim Chomhpháirteach Phráinneach an 16 Eanáir 2020, mír 38.

Or. en

**Leasú 71**
**Jadwiga Wiśniewska, Joachim Stanisław Brudziński, Elżbieta Kruk**
thar ceann Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0138/2020**
**Juan Fernando López Aguilar**
Cinneadh maidir le riosca soiléir a chinneadh go ndéanfaidh poblacht na Polainne sárú tromchúiseach ar an smacht reachta
2017/0360R(NLE)

**Tairiscint i gcomhair rún**
**Mír 23**

| *Tairiscint i gcomhair rún* | *Leasú* |
|---|---|
| 23. ***ag*** tabhairt ordú na Cúirte Breithiúnais an 8 Aibreán 2020[62] dá haire, lena dtreoraítear don Pholainn cur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta maidir le cumhachtaí an tSeomra Araíonachta a chur ar fionraí láithreach agus ***á iarraidh ar údaráis na Polainne an t-ordú a chur i bhfeidhm go tapa***; ***á iarraidh ar údaráis na Polainne an t-ordú a chomhlíonadh go hiomlán agus á iarraidh ar an gCoimisiún iarraidh bhreise a thíolacadh chuig an gCúirt Bhreithiúnais, ina n-iarrfar go n-íocfar fíneáil a ordófar i gcás neamhchomhlíonadh leanúnach; á iarraidh ar an gCoimisiún imeachtaí um shárú a thionscnamh go práinneach i ndáil leis na forálacha náisiúnta i dtaobh chumhachtaí an tSeomra Urghnách, ós rud é go bhfuil na lochtanna céanna aige agus atá ag an Seomra Araíonachta.*** | 23. á tabhairt dá haire an t-ordú ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Aibreán 2020 ina n-iarrtar ar an bPolainn cur i bhfeidhm na bhforálacha náisiúnta maidir le cumhachtaí Dhlísheomra Araíonachta ***na Cúirte Uachtaraí*** a fhionraí láithreach***; á thabhairt dá haire an fhaisnéis a sholáthair*** údaráis na Polainne ***maidir le cur chun feidhme tráthúil an bhreithiúnais laistigh den spriocdháta i ndáil*** le hOrdú ***Chéad Uachtarán Gníomhach na Cúirte Uachtaraí Uimh. 55/2020*** maidir le ***forghníomhú rialú*** na Cúirte Breithiúnais; |

[62] Ordú ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Aibreán 2020, an Coimisiún v an Pholainn, C-791/19 R, ECLI:EU:C:2020:277.

Or. en


Aontaithe san éagsúlacht